1.

Cad atá agat?	What do you have?
Tá *cat* agam.	I have a *cat*.
Níl *madra* agam.	I don't have a *dog*.
An bhfuil *cat* agat?	Do you have a *cat*?
Nach bhfuil *madra* agat?	Don't you have a *dog*?
Tá.	Yes (after question with *an bhfuil*).
Níl.	No (after question with *an bhfuil*).
Cén saghas peata atá agat?	What kind of pet do you have?


cat


madra


iasc


nathair


francach


sicín


lacha

2.

Cad atá ag *Seán*?	What does *John* have?
Tá *cat* aige.	He has a *cat*.
An bhfuil *madra* ag *Máire*?	Does *Mary* have a *dog*?
Níl. Níl ach *cat* aici.	No. She only has a *cat*.
Níl. Níl peata ar bith aici.	No. She doesn't have any pets.
An bhfuil peataí agaibh?	Do y'all have pets?
Tá. Tá *cait* agus *madraí* againn.	Yes. We have *cats* and *dogs*.

Tá *peata* agam.	I have *a pet*.	Tá *peata* againn.	We have *a pet*.
Tá *peata* agat.	You have *a pet*.	Tá *peata* agaibh.	Ye have *a pet*.
Tá *peata* aige.	He has *a pet*.	Tá *peata* acu.	They have *a pet*.
Tá *peata* aici.	She has *a pet*.	Tá *peata* ag Seán.	Sean has *a pet*.

3.

An bhfuil peata ag aon duine?	Does anyone have a pet?
Tá. Tá ceann agamsa.	Yes. I have one.
Cé aige a bhfuil peata?	Who has a pet?
Tá ceann ag Seán.	John has one.

Comhrá 1
A: Cad atá agat?
B: Tá peata agam.
A: An bhfuil cat agat?
B: Níl. Níl cat agam.
A: Cén saghas peata atá agat?
B: Tá madra agam.

Conversation 1
What do you have?
I have a pet.
Do you have a cat?
No, I don't have a cat.
What kind of pet do you have?
I have a dog.

Comhrá 2
A: An bhfuil cat ag Máire?
B: Níl. Ach, tá madra aici.
A: An bhfuil madra ag Seán freisin?
B: Tá. Tá madra aige.

Conversation 2
Does Mary have a cat?
No, but she has a dog.
Does John have a dog, too?
Yes, he has a dog.

Comhrá 3
A: An bhfuil peann ag aon duine?
B: Níl peann agamsa, ach tá ceann ag *Seán*.
A: An bhfuil peann agatsa, a *Sheáin*?
C: Níl. Níl sé agam anois.
B: Nach bhfuil peann luaidhe agat?
C: Tá. Tá sé agam anois. Seo duit.
A: Go raibh maith agat.

Conversation 3
Does anyone have a pen?
I don't have a pen, but *John* has one.
Do you have a pen, *John*?
No. I don't have it now.
Don't you have a pencil.
Yes. I have it now. Here you are.
Thank you.

Ceisteanna
1. An maith leat cait?
   An maith leat madraí?

   Is maith. Is breá liom cait.
   Ní maith. Ní maith liom cait.
   Is maith, ach is fearr liom madraí.

2. An bhfuil cat agat?
   An bhfuil madra agat?

   Tá. Tá cat agam.
   Níl. Níl cat agam.

3. Cad is ainm do do chat?
   Cad is ainm do do mhadra?

   Bran is ainm do mo mhadra?
   Bran is ainm dó?
   Sneachta is ainm do mo chat?
   Sneachta is ainm di?

Questions
Do you like cats?
Do you like dogs?

Yes. I love cats.
No. I don't like cats.
Yes, but I prefer dogs.

Do you have a cat?
Do you have a dog?

Yes. I have a cat.
No. I don't have a cat.

What is your cat's name?
What is your dog's name?

My dog's name is Bran?
His name is Bran?
My cat's name is Sneachta?
Her name is Sneachta?

Obair Bhaile / Homework

Freagair na ceisteanna le do chuid freagraí féin.
Answer the questions with your own answers.

Mar shampla (for example):
Ceist (question): An bhfuil cat agat?
Freagra (response): *Níl, ach tá madra agam.*

1. An bhfuil cat agat? (Do you have a cat?)

   _____

2. An bhfuil mac nó iníon agat? (Do you have a son or daughter?)

   _____

3. An bhfuil carr agat? (Do you have a car?)

   _____

4. An bhfuil peataí ag do chairde? (Do your friends have pets?)

   _____

5. Cén saghas peata atá agat? (What kind of pet do you have?)

   _____